Rug cobhair ar Conallchaibh
[RIA 4 (24/P/27), 85]
[An extract from this poem was published by Eleanor Knott in *Irish Syllabic Poetry* (70-71) under the title ‘Tokens of a rightful prince’. This corresponds to 11-16 below]
[Cú Choigcríche mac Mheic Con Í Chléirigh cecinit]
[Casbhairdne, Brúilingeacht]

1 Rug cobhair ar Conallchaibh
tug omhan ar easccairdibh
cás a ccoimhghi an cobhair-si
fath a ttoirsi tesairgfidh
beag cloister da ccomharcaibh
do coisgedh an cheannairce
smacht riogh an chláir Conaill-si
ag díon caich ar creachairgnibh.
2 Ar threibh Cruachan cuimhnighter
nuachair don treibh Thaillten-sin
faidhe righe Rudhraighe
traighe míne is mairbhlinnte
fírbheach da sleacht sengsaithe
gég fan hiseal airdbhile
smacht riaghla an chláir Corbmaic-si
don iarla a-ta a ttairringire.
3 Lucht faire ni foillsighther
baile ar f[h]ud gach ardachaidh
an treabhadh ni toirmisgther
an eaglas ni hairgfi(gh)ther
guth na cclog ni cluinfither
lucht na n-olc a n-ardcrochaibh
re linn righe (an) Rudhraighe(-si)
finis ag na foghladhaibh.
4 Bean fan ogmhac Aodha-sa
feadh Fodla ni fiafroighther
glas ciste ni caomhanter
slighthe tresna sliabhchnocaibh
tug an focal fuaradar
lucht foghla ’na bhfialcharaid
da fhaghlaidh i n-einleabaidh
i n-adhbhaidh an iarla-soin.
5 Fan ccúirt ccoillghil ccneaschorcra
coimhlid uird a n-aithenta
tír a mórthar minchealla
’s a n-orthar na haifreanna
fáoi ní fuilteach foghadha
’s ní cluinter na caismearta
reacht fan iarla Oiligh-si
nach iadhthar teach taisgedha.
6 Slat úr don fhreimh riogha-sa
téid a chlú go cíanfhoda
por corcra na crodhachta

ór na fola as fialbhuga
searc an oirir Úna-sa [86]
ní fer oinigh íasachta
cliath dhorais na daonnachta
do osgail an t-iarla-sa.

7 A sith féin ní faighaibhter
d’eis na ccrioch do chreachlosgadh
mosgladh buar ar breacmhadain
comhairc luath ag leathnachadh
fóigfe crodh da cruinneachadh
boithre cloch go cneasshalach
nír theigh an leaba ar luighesdair
fa eallaigh a easccarad.

8 Fuaim gallstoc ag glaobhéiceadh
allghuth uaidh i n-uaimhphaircibh
coineallta is eóin d’enaontaidh
i ndeoigh do lann(sa) luathdháiligh
tug gniomh do chuilg caoillinigh
tuilg da bhriogh a mbuadhsaindibh.
lann arsaidh gan énfhiacail
ler chogain do chruadhmhaillibh.

9 Barr tuirsi ar thír tugabhair
do-ni an luisne leathnachadh
tú a-réir fa dhíon duilleabhair
d’éis na ccrioch do chreachlosgadh
bíd coin fhíata an oireachtuis
ar muin gríanchloch ngealchathrach
crios caonnaigh do chuireabhair
fa lios aoltuir t’esccarad.

10 A haithle a lúidh luathshocair
faithche múir ’na maoithithir
tú ar amaid eich oinseamhail
dar chasais cleith ccaoilrighin
d’eis coingleac cleath ccruadharsaidh
teach go tuirseach taoibhfhrithir
do sgor sithe ag srofartaigh
dibridh crodh tre caoilslightibh.

11 Teachta an anma (f)uarais-[s]i
abhla feactha is fiarcholla
etha is eóin dot fhógra-sa
neóill ghartha et grianshrotha
na heiccsi as dot fhaidhibh-si
na cleirche na cliarsgola
a snaidhm festa fóirfi(r)-si
gor mheala th’ainm iarlochta.

12 Tír fán méthbhog maighreadha [87]
an mhín fhérach fhinngheal-sa
tolg da chleathaibh ceannchroma
donn sleamhain a slimleachta
toradh a tonn turchurtha

da ccorthur chum cinnteachta
ar iarlacht(a) nirbh intugtha
iasgach bhar n-inbher-sa.[s]

13 Sur crioch na slios siodhamhail
as díon d'f[h]ior ar f[h]iabhrasaibh
gan leath fa chliabh caoilfhiodhach
mes is iasg do iadhasdair
abhla 'sa ccinn crocharsaidh
re linn anma an iarla-soin.

14 Droighne dreasa daoldhatha
geala a droimne a dithreabha
maisi a gleann 'sa grianfhoithre
taisi a learg 'sa líghile
gach leath don fhód Eirni-si
mo-chean da ró an righi-si
gécca go ccnuas crochbhuidhe
tegar (do) cruach do chríchi-si.

15 Daimh ar culaibh caomhoirir
ag buirigh ar báinseachaibh
gotha cinn re caolshrothaibh
d'fhoghar binn ag bainealtoin
searbh fuaim crot ó chiarlonaibh
fa bhruachaibh port paircshleamain
faoidhe eóin an fhuinn Eirne-si
ag buing ceoil do chlairseachaibh.

16 Gairgbheich ósa grainphaircibh
a n-airrcheis ar fhianlaochaibh
dairghe ón mes 'na máothanaibh
breac sgairbhe fa sgiaththaobaibh
dath fola ar na fainriasgaibh
cna corcra ar na ciarchraobhaibh
tug nús eilte um iarnónaidh
drucht leirge 'na liathbhraonaibh.

17 Cnesghonta od ghleic geirreannaigh
béitt sethnacha siabhortha
is gáir ghola ón ghuasacht-sa
ag mnaibh crosda ciabhchorra
go sgur d'fheirg ui Eanna-sa [88]
cuir re a fheidhm ní hiarrata
badhbh ar ccosg a cciocrasa
nir ghlan arm an Iarla-sa.

18 Broidchoin is eóin atharmhoigh
cognaid feóil re a bhfaidfhiaclaibh
badhbh le rothart roidhiúlach
a lann corcra a ccaithcliathaibh
la an fheadhma od-chí caithfeinnidh
a shenga ar-ís aithiarraidh
da gha ghreanta í ghlasGaoidhil
ba bleachta do bhrainfhiachaibh.

19 'Na lios bileach bairrghreanta

siliodh re slios seangchupa
ag mílidh fuinn fhionnMhacha
cuirnn shíthe ni sealbhnochta
roithes corm ’na chuirmtheach-san
ag sgoilteadh corn ccennchorcra.